

# ❖ An Lúibín ❖

12 Márta 2011

## An Lúibín ar ais

Bliain nua, agus moill ar *An Lúibín*. Thugamar sos dúinn féin agus é tuillte againn (dar linn). Níl a fhios againn an fearrde nó an measade sinn é, ach b'fhéidir go mbeadh cúpla rud nua againn feasta ó am go chéile. Mura bhfuil ár gcuid den teanga gan locht, ní measa í ná cuid mhaith dá bhfuil le léamh ar leathanaigh eile. Chun oibre, mar sin...



### Rudaí atá le déanamh

*The abolition of compulsory Irish promised by a new Irish government has been postponed. There is to be fundamental reform, however, in the way the language is taught.*

Tá rialtas nua Fhine Gael i gcumhacht in Éirinn, agus a lán daoine tógtha de bharr a bhfuil ráite ag an bpáirtí faoi ábhar roghnach a dhéanamh den Ghaeilge éigeantach – ábhar atá ina phraiseach leis an blianta fada. De réir na staitisticí is déanaí ní dhearna ach 14,650 dalta as 57,839 an Ghaeilge ag an ardleibhéal san Ardteist anuraidh. Mura bhfuil an toil ann, ní thiocfaidh an toradh.

Is léir go gcaithfear athleasú ó bhonn a dhéanamh ar an gcuraclam agus ar na modhanna múinteoireachta, agus tá sin geallta ag an rialtas nua. Cuirfear treise ar an gcaint, agus tabharfar 50% de na marcanna don scrúdú béil san Ardteist. Táthar chun a dhá oiread daltaí a chur ag déanamh scrúdú Gaeilge san Ardteist faoin mbliain 2018. B'fhéidir go ndéanfaí ábhar roghnach den Ghaeilge fós agus is cinnte go dtréigfeadh neart daltaí í dá bharr, ach ní foláir an leasú a chur i gcríoch.

Más staic mhagaidh í an Ghaeilge éigeantach mar atá sí faoi láthair, is léir gurbh fhearr le formhór na nÉireannach go múiní an teanga ar scoil. Sa bhliain 2010 chinn Gaeloideachais, Comhar na Múinteoirí Gaeilge, Conradh na Gaeilge, Gael Linn, aelscoileanna agus Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge ar shuirbhé a dhéanamh ar dhearcadh an phobail i leith na Gaeilge mar ábhar scoile. Chuir Ipsos MRBI agallamh ar 1,000 duine a bhí os cionn 15 bliana d'aois agus baint acu lena lán aoisghrúpaí, ceirdeanna agus ceantar. Ba mhná 51% díobh agus b'fhir iad 49%. Ag seo na príomhthorthaí:

- Shíl 57% go bhfuil sé tábhachtach go bhfoghlaimodh na daltaí Gaeilge. Shíl 23% nach bhfuil sé tábhachtach agus bhí 19% idir dhá chomhairle. Shíl 69% den aoisghrúpa 25-34 bliana go bhfuil tábhacht le foghlaim na Gaeilge.
- Shíl 54% gur chóir Gaeilge a mhúineadh go dtí leibhéal na hArdteiste le hais 20% a roghnaigh leibhéal an Teastais Shóisearaigh agus 18% a roghnaigh leibhéal na bunscoile. Is díol spéise é gur shíl 61% den aoisghrúpa 15-24 bliana gur chóir Gaeilge a mhúineadh go dtí leibhéal na hArdteiste.
- Shíl 65% gur fiú tuilleadh ábhar a mhúineadh trí Ghaeilge sna bunscoileanna le páistí a spreagadh chun í a labhairt – tuairim atá de réir na modhanna teagaisc is éifeachtaí san Eoraip. Shíl 79% den aoisghrúpa 15-24 bliana d'aois gur fiú é a dhéanamh.
- Dúirt 61% (agus 65% den aoisghrúpa 15-24 bliana san áireamh) gur chóir go mbeadh Gaeilge éigeantach ann anuas go dtí leibhéal na hArdteiste, agus cuid mhór acu ag cuimhneamh ar chúrsaí oidhreachta agus cultúir.
- 26% de na daoine a shíl nár chóir don Ghaeilge a bheith éigeantach b'fhearr leo go mbeadh daltaí in ann ábhair

a roghnú tar éis an Teastais Shóisearaigh agus shíl 19% gur ábhar deacair í an Ghaeilge. Shíl 22% nach buntáiste é Gaeilge a bheith agat.

Tá ciall le cuid de na haidhmeanna atá le fáil sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030 maidir leis an gceist seo. Tá roinnt ráiméise ann freisin. An gcreideann duine ar bith gur féidir an líon daoine a labhraíonn Gaeilge gach lá lasmuigh den chóras oideachais a ardú ó 83,000 go 250,000 faoi cheann na bliana 2030? Bíodh sin mar atá, molann na Straitéiseoirí

- go mbeidh ábhar sa bhreis ar an nGaeilge á mhúineadh trí Ghaeilge i mbunscoileanna Béarla;
- go múinfi ábhair oidí trí Ghaeilge i dtimpeallacht lán-Ghaeilge, ag foghlaim tríd an tumoideachas agus faoin tumoideachas, agus Diplóma Iarchéime nua san Oideachas le fáil acu dá bharr;
- go ndéanfar pleanáil teanga don Ghaeilge de réir contae.

Níl rath i ndán don Ghaeilge éigeantach mura ndéantar na moltaí sin a chur i bhfeidhm.



## **IMRAM**

*A yearly festival in Dublin to promote literature in Irish.*

Tá an domhan mór dall ar litríocht chomhaimseartha na Gaeilge. Sin é an chaoi. Tá Éire féin dall uirthi. Dá bhrí sin cuireadh tús le hIMRAM (sean-Ghaeilge ar 'iomramh'), féile litríochta Gaeilge, seacht mbliana ó shin. Bhí baint ag Liam Carson, údar agus foilsitheoir, leis an bhféile ó thús, agus é de chuspóir aige daoine a thabhairt le chéile ar fud Bhaile Átha Cliath. Bhí baint ag Joe Woods ó Éigse Éireann, agus ag Gabreil Rosenstock, file, leis an ngnó freisin.

Tá na deacrachtaí céanna le sárú i gcónaí má tá baint agat le litríocht na Gaeilge: easpa margaíochta agus poiblíochta, fadhbanna dáileacháin. (Déarfadh daoine éigin go bhfuil fadhb eile ann – gan mórán saothair den scoth a bheith le fáil i nGaeilge faoi láthair.) Ní féile gan phoiblíocht é IMRAM, agus bíonn an lucht eagraithe ar a ndícheall ag tarraingt aird na meán ar na húdair.

Is é príomhaidhm IMRAM a thaispeáint gur litríocht spreagúil atá i gceist, ceann arbh fhiú don aos óg suim a chur inti. Cuireann sé scríbhneoirí na Gaeilge ar taispeáint mar chuid dílis de shaol cultúrtha na príomhcathrach. 'Aistear eolais' é agus meascán imeachtaí ann a bhaineann le próis, filíocht agus ceol. Cuirtear údair agus a saothar in aithne don phobal: sin bunús IMRAM, féile bhliantúil.

Féach [www.imram.ie](http://www.imram.ie).



## **Foraois Bialowieza**

*Europe's oldest forest – a prehistoric wonder of the world – is still only partially protected. What remains is a window on a most ancient ecology.*

Anois agus arís tarraingítear aird an domhain ar Fhorois Bialowieza (*Puszcza Białowieska*), áit an-suimiúil ar theorainn na Polainne agus na Bealarúise. Is í an fhoraois seo an t-iarsma deireanach den tseanfhoraois réamstairiúil Eorpach.

Is iomaí spéiceas ann a d'imigh in éag in áiteanna eile, ar nós an bhuabhaill Eorpaigh, an toirc agus an chapail fhiáin (tarpan). Tá seanchrainn ollmhóra ann – an ghiúis Ghallda agus an dair. Ba dhóigh leat go mbeadh an fhoraois go léir á cosaint, ach ní chosnaítear ach 17% di: tá an chuid eile á creachadh ag lománaithe. Mura gcuirtear deireadh leis an lomadh is beag clampa den tseanfhoraois a bheidh fágtha.

San 14ú haois ba chuid d'fhoraois an-fhorleathan í Foraois Bialowieza; ní raibh bóithre ann agus b'éigean do dhaoine taisteal ar na haibhneacha. Rinneadh dúiche seilge d'Fhoraois Bialowieza féin, rud a chosain a bheag nó

a mhór í faoi riail na ríthe Polannacha, agus faoi riail na Sár nuair a tháinig an chuid sin den Pholainn i seilbh na Rúise. Sa bhliain 1827 dúirt an *Bulletin des sciences géographiques* go raibh cuma sách scanrúil (*quelque chose d'effrayant*) ar na daoine a bhí ina gcónaí ann, bróga rúisc den seandéanamh orthu agus gan aon rian den tsibhialtacht orthu (den tsibhialtacht Fhrancach, ar aon chuma).

Rinneadh dochar don fhoraois agus dá cuid ainmhithe i rith an Chéad Chogadh Domhanda; sa bhliain 1921 d'fhógair na húdaráis Pholannacha go mbeadh cuid de *Puszcza Białowieska* ina Limistéar Caomhnaithe. Faoin am sin bhí na buabhaill go léir maraithe agus b'éigean cinn nua a thabhairt isteach ó zúnna Eorpacha ar bhronn na tSáir buabhaill orthu sa 19ú haois. B'in bunús na dtréad atá anois ann.

Sa Dara Cogadh Domhanda rinne na Naitsithe (faoi choimirce Göring) iarracht ar dhúiche seilge a dhéanamh den fhoraois, ach ba ghearr go raibh páirtiseáin Pholannacha agus Rúiseacha ar lorg dídine ann; tá a gcuid uaigneanna le feiceáil fós ann. Tar éis an chogaidh rinneadh dhá leath den fhoraois, cuid amháin (*Belovežskaja Pušča*) sa Bhealarúis, tír a thug cosaint oifigiúil di, agus cuid eile sa Pholainn.

Cuireadh cuid bheag den choill ar Liosta Oidhreachta UNESCO sa bhliain 1992. Is fada gníomhaithe, idir Pholannaigh agus ghrúpaí ó thíortha eile, ag iarraidh ar Rialtas na Polainne an lománaíocht a chosc agus limistéar caomhnaithe a dhéanamh den choill go léir de bharr an dochair atá á dhéanamh don éiceachóras agus do ghnáthóga éan. Tá drogall ar an Rialtas géilleadh agus bíonn siad ag caint ar an 'tairbhe éiceolaíoch' a bhaineann leis an lomadh úd – tairbhe nach seasann na heolaithe leis.

Tá baol eile ann anois i ré seo an fhorthéimh dhomhanda: na tinte. Is deacair do na lasracha cothú a fháil i seanfhoraois thais, ach (mar is eol d'Astráiligh) is furasta do thine slad a dhéanamh ar fhoraois athlomtha.

Ba mhór an náire gan iarracht a thabhairt ar an bhforaois iomlán a thabhairt slán mar iarsma beo den Eoraip is ársa – iarsma ab fhurasta a scrios.

\* <http://bp21.org.by/en/> *Belovezhskaya Pushcha – suíomh timpeallachta*

\* <http://bpn.com.pl/index.php?lang=en> / *Białowieża National Park*

\* <http://www.franknature.nl/pl/bia.htm> *Grianghráfa*

\* [http://www.bbc.co.uk/radio4/science/wildeurope\\_20020805.shtml](http://www.bbc.co.uk/radio4/science/wildeurope_20020805.shtml) *Clár faisnéise Raidió BBC (2002)*

\* [http://nigge.com/projects/bialowieza\\_forest/thumbnails.html](http://nigge.com/projects/bialowieza_forest/thumbnails.html) *Grianghráfa le Klaus Nigge*



### **Foinse lasta**

Tá *Foinse*, nuachtán Gaeilge, á dháileadh gach Céadaoin laistigh de *The Irish Independent* ó mhí na Samhna 2009 i leith. Theip ar *Foinse* mar fhoilseachán neamhspleách, agus cuireadh iontas ar mhórán nuair a thoiligh an Indo (páipéar nach bhuil bá mhór aige leis an teanga de ghnáth) le foilseachán Gaeilge a scaipeadh mar fhorlíonadh.

Seo an scéal mór: de réir fhigiúirí a sholáthair The Joint National Newspaper Readership (JNNR), bíonn 195,000 duine ag léamh *Foinse* gach seachtain. B'fhurasta amhras a chur sa scéal: mar a dúirt Emer Ní Chéidigh, eagarthóir *Foinse*, ní bhíodh á ndíol ach 5,000 cóip agus an nuachtán ag teabhadh a iomaire féin. Os a choinne sin, bheadh a lán daoine ag tabhairt faoi anois, agus é faoina lámh acu, nach mbackadh leis agus é ar díol i mbeagán siopaí.



### **Gaeilge i mBeijing**

Tá Ollscoil Léinn Eachtrannaigh Beijing (BFSU – *Beijing Foreign Studies University*) le fáil i gCeantar Haidian i mBeijing. Pléann sí le cúrsaí gnó, dlí, litríochta agus cultúir. Tá a lán forais taighde ann, ar nós Lárionad an Léinn Mheiriceánaigh, Lárionad an Léinn Sheapánaigh agus Lárionad Taighde na nGnóthaí Idirnáisiúnta. Tá 45 chéim BA le fáil ann i 35 theanga. Múintear Arabais, teangacha Afracacha, agus teangacha de chuid an Aontais Eorpaigh - Rúisis, Gearmáinis, Francis, Seapáinis agus Spáinnis. Agus (rud is deacair a chreidiúint) tá Gaeilge ina measc.

Anuraidh, i Mí Mheán Fómhair, thosaigh 16 mac léinn ag foghlaim na teanga seo le cúnamh Shéamais Uí Murchú, oide ó Éirinn. Deirtear go bhfuil dul chun cinn déanta acu. B'fhéidir go dtiocfadh cúpla duine acu i dtír in Éirinn feasta.

Féach <http://www.at0086.com/BFSU/> chun breis eolais a fháil ar an ollscoil.



### Seimineáir

*The Melbourne Irish Studies seminars continue this year, hosted by two colleges of the University of Melbourne, Newman and St Mary's. Dr Niall Ó Ciosáin, scholar of the history of print in the Celtic languages, gave a seminar in February, and in early March John Clancy examined the Celtic connections of Galicia in Spain.*

Eolaí ar chúrsaí clódóireachta sna teangacha Ceilteacha is ea an Dr Niall Ó Ciosáin (NUIG) agus a lán buntaighde déanta aige. Is gearr ó bhí sé i Melbourne na hAstráile, é i mbun oibre ann agus am aige freisin chun a bheith páirteach i gcúpla seimineár.

Tharraing an Ciosánach aird ar an tábhacht a bhí leis an gclódóireacht i dteangacha Ceilteacha i dtíortha difriúla – an Bhriotáin, an Bhreatain Bheag, Éire agus Albain. Dúirt sé go ndéantar talamh slán de go bhfuil léamh agus scríobh againn i dteanga amháin – i mBéarla, abair. Ach más féidir leat rud a léamh i mBéarla, cén fath nach féidir leat rud a léamh i nGaeilge? Ní deacair tairbhe a bhaint as an gcumas úd i dteanga eile, agus rinne sé tagairt don idirdhealú a dhéantar idir litriú 'soiléir' (ar féidir leat é a léamh gan scolaíocht mhór a bheith ort) agus litriú 'domhain' (litríú a dhéanann idirdhealú idir focail atá cosúil le chéile).

Bhí rian an litrithe 'shoiléir' le haithint ar a lán foilseachán a tháinig amach i nGaeilge ó dheireadh an 18ú haois - caiticiosmaí (míle ceann san iarracht), mórghileoga, almanaig, scéalta rómánsacha, scéalta faoi rógairí. Cuireadh saothair chráifeacha amach sna 1790í i litriú simplí, ar nós *An Teagask Chreestyne agus Paidreacha na Maine agus an Tranona*. Gan amhras, is mó an méid a bhí le léamh i mBéarla – ábhar náisiúnach go háirithe – agus d'éirigh leis an Eaglais réimsí áirithe den saol a dhealú amach ón nGaeilge tar éis an drochshaoil.

In Victoria foilsíodh dhá nuachtán Breatnaise agus nuachtán Gàidhlig sa 19ú haois. Níor mhair aon cheann acu i bhfad (is dócha, i gcás na nuachtán Breatnaise ar aon chuma, go raibh mórán ag brath ar fhuinneamh cúpla duine) ach is léir go raibh lucht a léite ann. Is beag Gaeilge a bhí i gcló – colún dátheangach Niocláis Uí Dhomhnaill ar *The Advocate*, nuachtán Caitliceach, i dtús an 20ú haois. In Albain agus sa Bhreatain Bheag bhíodh léamh an Bhíobla mar ghríosú ag daoine sa 19ú haois, ach ní bhíodh a leithéid de spreagadh in Éirinn, rud a d'fhág a rian ar chúrsaí anseo. Mar sin féin, dá mbeadh léamh an Bhéarla ag cainteoirí Gaeilge in Victoria (agus bhí na mílte acu ann) ba dhóigh leat go mbeadh cuid acu in ann meabhair a bhaint as rudaí a bhí clóbhuailte i nGaeilge.

Is beag ábhar clóite Gaeilge ó Éirinn a bheadh le fáil in Victoria roimh an Athbheochan, cé go raibh roinnt lámhscríbhinní ann agus iad á gcaomhnú anois in áiteanna difriúla: féach <http://www.isos.dias.ie/>.

Ar 8/3/2011 bhí John Clancy ag caint ar 'Galicia: The Forgotten Celtic Region?'. Thug sé léargas ar iarsmaí na sean-Cheiltigh in iarthuaisceart na Spáinne, rud a tharraing ceist eile anuas – an nasc a d'fhéadfadh a bheith idir na Ceiltigh úd agus na Gailísigh atá anois ann, dream a labhraíonn dhá theanga Rómánsacha (Spáinnis agus Gailísis (*Galego*). Tá aghaidh na Gailíse ar an Aigéan Atlantach, agus rinneadh tagairt don trácht mara a bhíodh ar siúl idir an Ghailís agus na tíortha Ceilteacha. Shíl John gurbh an-díol spéise iad na finscéalta agus na piseoga a mhair sa réigiún agus cosúlacht (dar leis) idir iad agus a leithéid in Éirinn.

D'admhaigh sé gur bhain gníomhaithe éigin Gailíseacha an-tairbhe as an gCeilteachas mar chomhartha sainiúlachta, agus luaigh an caidreamh a bhíodh ag náisiúnaithe Gailíseacha ar Chonradh na Gaeilge. Dá ainneoin sin, níl sa Cheilteachas anois ach rud a mheallfadh turasóirí; tá na Gailísigh mórtasach as an bhféinrialú atá acu sa Spáinn nua, ach níl sin ag brath ar shainiúlacht Cheilteach.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@bigpond.com](mailto:rianach@bigpond.com) nó chun [coling.ryan@ato.gov.au](mailto:coling.ryan@ato.gov.au).

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@bigpond.com](mailto:rianach@bigpond.com) or to [coling.ryan@ato.gov.au](mailto:coling.ryan@ato.gov.au).*

## LEAGAN SIMPLÍ

### Rudaí atá le déanamh

Tá rialtas nua Fhine Gael i gcumhacht in Éirinn. D'fhógair ceannaire an pháirtí tamall ó shin go gcuirfí deireadh le<sup>1</sup> Gaeilge éigeantach. Rinne siad athchomhairle,<sup>2</sup> ach gealladh go ndéanfaí athleasú<sup>3</sup> ar an gcuraclam Gaeilge agus ar na modhanna múinteoireachta. Tabharfar 50% de na marcanna don scrúdú béil san Ardteistiméireacht. Tá gá leis an athleasú sin.

Is léir gur fearr le formhór na nÉireannach go múinfi an teanga ar scoil. Rinneadh suirbhé sa bhliain 2010 agus seo cuid de na príomhthorthaí:<sup>4</sup>

- Shíl 57% go bhfuil sé tábhachtach go bhfoghlaimodh na daltaí Gaeilge.
- Shíl 54% gur chóir Gaeilge a mhúineadh go dtí leibhéal na hArdteistiméireachta. Shíl 61% den aoisghrúpa 15-24 bliana gur chóir Gaeilge a mhúineadh go dtí an leibhéal sin.
- Shíl 65% gur fiú tuilleadh ábhar<sup>5</sup> a mhúineadh trí Ghaeilge sna bunscoileanna le páistí a spreagadh chun í a labhairt.

Tá ciall le cuid de na haidhmeanna atá le fáil sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030. Moltar:

- go mbeidh ábhar sa bhreis ar an nGaeilge á mhúineadh trí Gaeilge i mbunscoileanna Béarla;
- go múinfi ábhair oidí<sup>6</sup> trí Ghaeilge i dtimpeallacht lán-Ghaeilge, agus iad ag foghlaim tríd an tumoideachas agus faoin tumoideachas;
- go ndéanfar pleanáil teanga don Ghaeilge de réir contae.

### Foraois Bialowieza

Anois agus arís tarraingítear aird<sup>7</sup> an domhain ar Fhoraois Bialowieza ar theorainn na Polainne agus na Bealarúise. Is í an fhoraois sin an t-iarsma deireanach den tseanfhoraois réamstairiúil Eorpach.

Tá a lán spéiceas ann a d'imigh in éag<sup>8</sup> in áiteanna eile. Ba dhóigh leat, mar sin, go mbeadh an fhoraois go léir á cosaint. Ní chosnaítear ach 17% di agus tá an chuid eile á creachadh ag lománaithe.<sup>9</sup>

<sup>1</sup> Go gcuirfí deireadh le

<sup>2</sup> Rinne siad athchomhairle

<sup>3</sup> Athleasú

<sup>4</sup> Príomhthorthaí

<sup>5</sup> Tuilleadh ábhar

<sup>6</sup> Ábhair oidí

<sup>7</sup> Tarraingítear aird

<sup>8</sup> D'imigh in éag

<sup>9</sup> Lománaithe

San 14ú haois ba chuid d'fhoraois mhór í Foraois Bialowieza; ní raibh bóithre ann agus b'éigean do dhaoine taisteal ar na haibhneacha. Rinneadh dúiche seilge d'Fhoraois Bialowieza féin, rud a chosain a bheag nó a mhór<sup>10</sup> í faoi riail na ríthe Polannacha agus faoi riail na Sár<sup>11</sup> nuair a tháinig an chuid sin den Pholainn i seilbh na Rúise. Sa bhliain 1827 dúirt an *Bulletin des sciences géographiques* go raibh cuma sheanfhaiseanta scanrúil ar na daoine a bhí ina gcónaí ann.

Rinneadh dochar don fhoraois agus dá cuid ainmhithe i rith an Chéad Chogadh Domhanda. Sa bhliain 1921 d'fhógair na húdaráis Pholannacha go mbeadh cuid de *Puszcza Bialowieska* ina Limistéar Caomhnaithe.

Sa Dara Cogadh Domhanda bhí páirtiseáin ar lorg dídine ann. Tá a gcuid uaigneanna le feiceáil fós ann. Tar éis an chogaidh rinneadh dhá leath den fhoraois, cuid amháin sa Bhealarúis agus cuid eile sa Pholainn.

Cuireadh cuid bheag den choill ar Liosta Oidhreachtá UNESCO sa bhliain 1992. Is fada gníomhaithe ag iarraidh ar Rialtas na Polainne an lománaíocht a chosc agus limistéar caomhnaithe a dhéanamh den choill go léir. Tá drogall ar an Rialtas géilleadh.

### **Seimineáir**

Eolaí ar chúrsaí clódóireachta<sup>12</sup> sna teangacha Ceilteacha is ea an Dr Niall Ó Ciosáin (NUIG). Is gearr ó bhí sé i Melbourne na hAstráile agus bhí sé páirteach i gcúpla seimineár.

Tharraing an Ciosánach aird ar an tábhacht a bhí le neart na clódóireachta i dteangacha Ceilteacha Déantar talamh slán de go bhfuil léamh agus scríobh againn i dteanga amháin – i mBéarla, abair. Ach más féidir leat rud a léamh i mBéarla, is féidir leat tairbhe a bhaint as an gcumas sin chun rudaí a léamh i dteanga eile. Tá tábhacht mar sin le litriú 'soiléir' is féidir leat a léamh gan scolaíocht mhór a bheith ort.

Bhí rian an litrithe 'shoiléir' le haithint ar a lán foilseachán a tháinig amach i nGaeilge ó dheireadh an 18ú haois - caiticiosmaí, mórbhileoga,<sup>13</sup> almanaig, scéalta rómánsacha, scéalta faoi rógairí. Cuireadh saothair chráifeacha amach sna 1790í i litriú simplí.

In Victoria foilsíodh dhá nuachtán Breatnaise agus nuachtán Gàidhlig sa 19ú haois. Is beag Gaeilge a bhí i gcló.<sup>14</sup> In Albain agus sa Bhreatain Bheag bhíodh daoine á spreagadh chun an Biobla a léamh sa 19ú haois, ach ní bhíodh a leithéid de spreagadh le fáil in Éirinn, rud a d'fhág a rian ar chúrsaí san Astráil. Bhí roinnt lámhscríbhinní Gaeilge san Astráil, áfach.

Ar 8/3/2011 bhí John Clancy ag caint ar 'Galicia: The Forgotten Celtic Region?'. Thug sé léargas ar iarsmaí na sean-Cheiltigh in iarthuaisceart na Spáinne. D'fhiafraigh sé cén nasc a d'fhéadfadh a bheith<sup>15</sup> idir na Ceiltigh úd agus na Gailísigh atá anois ann. Tá aghaidh na Gailíse ar an Aigéan Atlantach, agus rinne John tagairt don trácht mara<sup>16</sup> a bhíodh ar siúl idir an Ghailís agus na tíortha Ceilteacha. Shíl John gurbh díol spéise<sup>17</sup> iad na finscéalta agus na piseoga a mhair sa réigiún, agus iad cosúil lena leithéidí in Éirinn.

Bhaineadh gníomhaithe Gailíseacha tairbhe as an gCeilteachas mar chomhartha sainiúlachta.<sup>18</sup> Dá ainneoin sin, níl sa Cheilteachas anois ach rud a mheallfadh turasoírí.

---

<sup>10</sup> A bheag nó a mhór

<sup>11</sup> Riail na Sár – the rule of the Tsars

<sup>12</sup> Eolaí ar chúrsaí clódóireachta – an authority on matters to do with printing

<sup>13</sup> Mórbhileoga - broadsheets

<sup>14</sup> I gcló – in print

<sup>15</sup> A d'fhéadfadh a bheith – that could exist

<sup>16</sup> Trácht mara – sea traffic

<sup>17</sup> Díol spéise – matter of interest

<sup>18</sup> Comhartha sainiúlachta – a mark of distinction.